



Preasráiteas

Lucsamburg, 14 Nollaig 2022

Freagairt thapa an Aontais dar luach €100 billiún chun poist a chosaint le linn COVID: tionchar doiléir

Ba fhreagairt phras í uirlis tacaíochta €100 billiún ón Aontas le haghaidh oibríthe agus gnólachtaí (SURE) atá buailte ag an ngéarchéim i mBallstáit chun an riosca go mbrisí daoine as a bpost de dheasca phaindéim an choróinvíreas a mhaolú, de réir tuarascála nua ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa. Ní féidir measúnú cuí a dhéanamh ar thionchar SURE maidir le poist a shábháil mar gheall ar an gcaoi ar cheap an Coimisiún Eorpach an uirlis nua, agus mar gheall ar easpa sonraí maithe ar an leibhéal náisiúnta. Chun ceachtanna a fhoghlaim le haghaidh uirlisí géarchéime amach anseo, ba cheart don Choimisiún measúnú iomlán a dhéanamh ar thacaíocht SURE. Deis a bheidh ann freisin féachaint conas íoslaghdaíodh an riosca calaoise, i bhfianaise go raibh neamhrialtachtaí agus calaois líomhnaithe tuairiscithe ag gach tír a d'úsáid SURE cé is moite de cheann amháin.

Chuir paindéim COVID-19 na milliúin post san Eoraip i mbaol. D'fhreagair an tAontas go tapa trí uirlis SURE a thabhairt isteach, a chuireann iasachtaí ar chostas íseal fadtéarmach ar fáil do thíortha ar fud an Aontais. Is féidir leo an t-airgead a úsáid chun a scéimeanna coinneála poist a chruthú agus chun síneadh a chur leo amhail obair ghearr-ama, scor sealadach agus fóirdheontais pá, agus le haghaidh bearta sláinte. Tá iasachtaí iarrtha ag naoi dtír déag, agus tá beagnach €92 bhilliún eisíoctha cheana féin. Seasann na hiasachtaí a tugadh don Iodáil agus don Spáinn do níos mó ná leath den mhéid sin.

'Léirigh SURE an comhthéacs éigeandála agus chuir sé cistí an Aontais ar fáil go tapa agus go héifeachtach ó thaobh tionchar phaindéim ar oibríthe agus ar ghnólachtaí a mhaolú,' a dúirt Iliana Ivanova, an Comhalta CIE a bhí i gceannas ar an iniúchadh. 'Níl a fhios go fóill cén tionchar atá aige áfach. In ainneoin roinnt táscairí go bhfuil rath orthu, níl go leor sonraí crua ann chun measúnú a dhéanamh ar an líon post a sábháladh i ndáiríre'.

D'éirigh leis an gCoimisiún na cistí SURE a chur ar fáil do na Ballstáit go tapa – seacht mí tar éis an phaindéim, níos tapa ná mar faoi nósanna imeachta cistiúcháin caighdeánacha. In ainneoin comharthaí ar leith gur shroich SURE na milliúin oibríthe le linn na tréimhse is déine den ghéarchéim, ní féidir measúnú iomlán a dhéanamh ar a mhéid a rannchuidigh sé le dífhostaíocht a

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

mhaolú. Go pointe áirithe, tá sé sin mar gheall nach féidir a thionchar a scaradh ó thionchar scéimeanna tacaíochta na dtíortha féin.

Le rialacha nuálacha an Aontais le haghaidh SURE, tugtar saoirse suntasacha do Bhallstáit maidir le cad air a chaithear an t-airgead a roghnú. Ní chuireann na rialacha de cheanglas ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil córais rialaithe na dtíortha láidir go leor. Sa chomhthéacs sin, cuireann na hiniúcháirí i bhfáth go mbíonn an baol ann go ginearálta go mbainfí mí-úsáid as bearta freagartha géarchéime amhail scéimeanna coinneála poist. I gcás SURE, bhraith 18 as 19 dtír neamhrialtachtaí nó calaois, agus rinne siad imscrúdú ar gach ceann de na cásanna sin, rud a d'fhág go bhfuarthas ar ais cistí a úsáideadh go míchuí i 13 tír. Níor sheol an Coimisiún féin aon imscrúdú, ar an mbonn gur fhreagracht í sin de chuid na mBallstát. Coimeádtar an riosca airgeadais do bhuiséad an Aontais faoi smacht mar gheall ar an bhfíoras go mbeidh ar thíortha na hiasachtaí a aisíoc má bhraitear aon mhí-úsáid. Bheadh riosca do chúl an Aontais, áfach, má mheastar go bhfuil baol calaoise i gceist leis na bearta a chistítear óna mbuiséad.

Mheas an Coimisiún gur shábháil tíortha a bhaineann úsáid as SURE thart ar €8.5 mbilliún in íocaíochtaí úis a bhui le rátáil chreidmheasa AAA an Aontais. Seasann an Iodáil, an Spáinn, an Pholainn, agus an Ghréig do 86 % de na coigiltis measta go léir.

Faisnéis chúlra

Is uirlis shealadach í SURE, a rachaidh in éag i mbliana. Chun na hiasachtaí a mhaoiniú, faigheann an Coimisiún iasachtaí ó mhargaí caipitil trí bhannaí a eisiúint. Ba é seo an chéad uair a d'eisigh an Coimisiún bannaí sóisialta, lena n-éilítear torthaí sóisialta dearfacha. Déanann gach ceann de 27 mBallstát an Aontais 25 % d'iasachtaí SURE ar fad a ráthú, ar cosaint é i gcás mainneachtain tíre. Tá an 75 % atá fágtha ráthaithe ag buiséad an Aontais. Measann an Coimisiún gur thacaigh SURE le thart ar 31.5 mhiliún duine agus 2.5 mhiliún gnólacht in 2020, agus gur bhain 9 milliún duine tairbhe as scéimeanna coinneála post a bhí maoinithe ag SURE in 2021.

Tuarascáil speisialta 28/2022, "Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE): Tá an tuarascáil seo, 'Rannchuidigh maoiniú SURE le poist a chaomhnú i rith ghéarchéim COVID-19, ach níl a fhios fós cén tionchar iomlán aige', ar fáil ar [shuíomh gréasáin CIE](#).

Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeois: vincent.bourgeois@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502